



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

Scrúdú scríofa: 400 marc

An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 - 4.50

### *Treoracha d'iarrthóirí:*

Freagair Ranna 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 3)

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Topaicí 1, 2, 4, 5, 6.

Freagair ar thopaic amháin as an roinn seo.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair ar dhá thopaic as an roinn seo.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid :

***Comhdháil Chorp Chríost, 1932***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

1.
  - (a) Ó dhoiciméad A, cén fáth ar cuireadh an scríbhneoir agus a deartháir go Baile Átha Í, Co. Chill Dara?
  - (b) De réir dhoiciméad A, cár chodail roinnt de na cuairteoirí?
  - (c) Ó dhoiciméad B, cé mhéad duine a meastar a d'fhreastail ar an Ard-Aifreann i bPáirc an Fhionnuisce?
  - (d) I ndoiciméad B, cén t-iomann a chan John Count McCormack ag an Ard-Aifreann?
  - (e) De réir dhoiciméad B, conas a bhí John Count McCormack gléasta don ócáid? (40)
  
2.
  - (a) An raibh baint ag Leagáid an Phápa leis na himeachtaí i ndoiciméad A agus i ndoiciméad B? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.
  - (b) Cé acu doiciméad, A nó B, a thugann an pictiúr is fearr den Chomhdháil? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad. (20)
  
3.
  - (a) Cén fáth a bhféachtar ar dhoiciméad A mar fhoinse phríomha?
  - (b) Cén fhianaise atá i ndoiciméad B gur eagraíodh an t-imeacht go maith? (20)
  
4. Cén fáth ar measadh go raibh rath ar Chomhdháil Chorp Chríost don Eaglais Chaitliceach agus do Stát na hÉireann? (20)

## - Doiciméad A -

### **Sa sliocht coimrithe seo as a cuimhní cinn, *The Same Age As The State*, smaoiníonn an scríbhneoir Máire Cruise O'Brien siar ar Chomhdháil Chorp Chríost, 1932.**

Bhí dhá bhratach sa teach seo againne: an bhratach náisiúnta agus bratach an Phápa. Thug m'athair agus mo mháthair mé chun Leagáid an Phápa, an Cairdinéal Lorenzo Lauri, a fheiceáil ag teacht i dtír i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. Aire rialtais ab ea m'athair agus d'fhág sé muidne chun dul leis na gluaisteáin oifigiúla Rolls-Royce ag ceann an mhórshiúil, taobh thiar dár Husáir Ghorma nua searmanais a bhí mar thionlacan marcach ag an gCairdinéal Lauri.

Bhí gúna breá galánta ormsa a raibh stríoca dearga agus bána ann, hata tuí leathanduilleach breac le spotaí dearga agus bána, mar aon le cairdeagan, stocaí agus lámhainní bána.

Ina dhiaidh sin, cuireadh mise agus mo dheartháir, Séamus, chun bealaigh le fanacht i dteach m'uncail i mBaile Átha Í, Co. Chill Dara. Rinneadh é seo chun spás a dhéanamh dár ngaolta ar fad ó Thuaisceart Éireann a bhí tagtha chun fanacht le mo thuismitheoirí.

Tharla rud éigin den chineál seo i ngach teach sa chathair: chodail daoine ar an urlár agus sna folcadáin, ach ní raibh aon duine ag gearán.

Foinse: Máire Cruise O'Brien, *The Same Age As The State* (Baile Átha Cliath: O'Brien Press, 2003).

## - Doiciméad B -

### **Sa sliocht coimrithe seo, déantar cur síos ar bhuaicphointe Chomhdháil Chorp Chríost, 1932.**

Ba é an tArd-Aifreann i bPáirc an Fhionnuisce ar an Domhnach 26 Meitheamh buaicphointe na Comhdhála agus meastar gur fhreastail milliún duine air. Bhí spás mór oscailte os comhair na hArd-Altóra agus é roinnte ina theascáin agus ina fhotheascáin marcáilte le litreacha agus le huimhreacha. Leagadh iad sin amach do ghrúpaí, thíortha, dheoisí agus pharóistí faoi leith.

Bhí Leagáid an Phápa, an Cairdinéal Lorenzo Lauri, i gceannas ar an Ard-Aifreann agus ba é an ceiliúraí ná an tArdeaspag Michael Curley as Baltimore, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus arbh as Baile Átha Luain ó dhúchas dó.

I ndiaidh an Credo, chan John Count McCormack an 'Panis Angelicus' os comhair slua nach raibh smid as. Ba in 1872 a chuir an cumadóir, César Franck, ceol leis an iomann seo.

Rinneadh Cunta an Phápa de McCormack in 1928. Bhí a chuid róbaí Pápacha á gcaitheamh aige agus, de bhrí gur teanór a raibh cáil idirnáisiúnta air a bhí ann, chuir McCormack le gairmiúlacht na hócáide. Nóiméad dodhearmadta a bhí ann dóibh siúd a bhí i láthair. De réir gach tuairisce, níor chan McCormack riamh níos croíúla ná le ton níos áille ná mar a chan an lá sin.

Foinse: Rory O'Dwyer, *The Eucharistic Congress Dublin, 1932* (Baile Átha Cliath: Nonsuch Publications, 2009).

## ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos.

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Baineann an sliocht coimrithe seo leis an gcúnamh a thug an Bhanríon Victoria d'fhaoiseamh ón nGorta in Éirinn. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*I dtús na bliana 1847 ainmníodh an Bhanríon mar an chéad duine a thug airgead don Chumann Briotanach nuabhunaithe um Fhaoiseamh ó Chruatan in Éirinn agus in Albain. Déanta na fírinne, d'fhág an £2,000 a thug sí mar bhronntanas gurbh í an duine aonair a thug an cúnamh ba mhó don fhaoiseamh ón nGorta.*

*An bhliain chéanna, d'eisigh Victoria dhá litir oifigiúla chuig Anglacánaigh ag iarraidh orthu cúnamh a thabhairt don fhaoiseamh in Éirinn. Go deimhin, cáineadh an Bhanríon sa Bhreatain féin – in ionsaithe ón London Times – áit ar cuireadh ina leith go raibh sí ag cuidiú le leanúint de na hÉireannaigh a fhágáil ag brath ar mhuintir na Breataine.*

Foinse: J. Crowley, W.J. Smyth and M. Murphy (eag.) *Atlas of the Great Irish Famine* (Corcaigh: Cork University Press, 2012)

1. Cén grúpa ar thug an Bhanríon airgead dó i dtús na bliana 1847?
2. Cén bronntanas a d'fhág gurbh í an Bhanríon an duine aonair a thug an cúnamh ba mhó don fhaoiseamh ón ngorta?
3. Cén nuachtán a bhí chun tosaigh sna hionsaithe ar an mBanríon?
4. Cad a chuir siad siúd a cháin í i leith na Banríona?
5. Tabhair cúis amháin gur lean an Gorta in Éirinn ar aghaidh chomh fada sin.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cogadh na nDeachúna.
2. Gluaiseacht Éire Óg.
3. Charles Kickham.
4. William Carleton.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a bhain Dónall Ó Conaill Fuascailt na gCaitliceach amach?
2. Cén bhaint a bhí ag Charles Trevelyan leis an nGorta?
3. Cad iad na cinntí a rinneadh ag Sionad Dhurlais, 1850?
4. Conas a chuir William Dargan le forbairt eacnamaíochta in Éirinn?

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo déanann an staraí, Jonathan Bardon, cur síos ar chíríbeacha na bliana 1886 i mBéal Feirste agus ar a dtionchar. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ar an gCéadaoin, 9 Meitheamh 1886, an lá i ndiaidh dhiúltú an Bhille Rialtas Dúchais i dTeach na dTeachtaí, chruinnigh drong de thart ar dhá mhíle Protastúnach agus thiomáin siad siar baill de Chonstáblacht Ríoga na hÉireann, a bhí ag iarraidh stop a chur le sladaíocht ar shiopa deochanna meisciúla ar Bhóthar na Seanchille i mBéal Feirste.*

*Lean cathanna fíochmhara idir dílseoirí agus póilíní ar aghaidh ar feadh an tsamhraidh ar fad. Tharla bruíonta fíochmhara idir dhronga seicteacha Caitliceach agus Protastúnach. Lean na círíbeacha ar aghaidh go dtí lár mhí Mheán Fómhair. De réir fígiúirí oifigiúla, maraíodh tríocha a haon duine, ach is dócha gur maraíodh thart ar chaoga i ndáiríre.*

Foinse: Jonathan Bardon, *A History of Ireland in 250 Episodes* (Baile Átha Cliath: Gill & Macmillan, 2008).

1. Cé a thiomáin siar baill de Chonstáblacht Ríoga na hÉireann ar an 9 Meitheamh?
2. Cad a bhí Constáblacht Ríoga na hÉireann ag iarraidh a dhéanamh?
3. Cathain a tháinig deireadh leis na círíbeacha?
4. Cé mhéad duine a bhí marbh i ndiaidh na gcíríbeacha, de réir na bhfigiúirí oifigiúla?
5. Tabhair cúis amháin go raibh an chuid ba mhó de Phrotastúnaigh Uladh i gcoinne Rialtas Dúchais.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Isaac Butt.
2. Dubhghlas de hÍde.
3. Gluaiseacht na gComharchumann.
4. Óglaigh na hÉireann.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na rudaí ar éirigh leo agus na rudaí ar theip orthu i ngníomhréim pholaitiúil Charles Stewart Parnell?
2. Cad a bhain Cumann Lúthchleas Gael amach idir 1884 agus 1891?
3. Conas a lorg James Connolly agus/nó James Larkin leasuithe d'oibrithe?
4. Cad iad na teaicicí a d'úsáid Edward Carson chun cur i gcoinne Rialtas Dúchais d'oileán na hÉireann?

*Éire: Topaic 4*  
**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

A (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo tá an tAthair E.A. Taschereau ag tuairisciú dá easpag (3/6/1847) faoi dhálaí ar bord long a bhí ar ancaire lasmuigh de Grosse Isle, Quebec, agus iad ag fanacht leis na daoine tinne a bhí ar bord a chur i dtír. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Is iad cláir na loinge atá mar leaba ag a bhformhór, nó cúpla sop salach tuí a dhéanann níos mó dochair ná maitheasa.*

*Cé mhéad acu, tar éis mí go leith den turas trasna, atá ag caitheamh an éadaigh chéanna agus na mbróg céanna a bhí orthu nuair a tháinig siad ar bord loinge agus nár bhain siad díobh iad?*

*Chonaic mé daoine a raibh a gcosa chomh greamaithe sin ina stocáí nach raibh mé ábalta an ola dhéanach a chur orthu!*

Foinse: J. Crowley, W.J. Smyth and M. Murphy (eagarthóir) *Atlas of the Great Irish Famine* (Corcaigh: Cork University Press, 2012).

1. Cé dó a raibh an scríbhneoir ag tuairisciú?
2. Cén 'leaba' a bhí ag formhór na bpaisinéirí?
3. Cá fhad a thóg an turas trasna ar na longa?
4. Tabhair sampla amháin den chaoi ar fhulaing na paisinéirí.
5. Seachas Ceanada, ainmnigh dhá thír a ndeachaigh Éireannaigh ar eisimirce chucu timpeall an ama seo.

B (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Na Molly Maguires.
2. An tOrd Oráisteach agus an diaspóra.
3. Boss Croker.
4. Srianta agus rialú breise maidir le heisimirce i ndiaidh 1920.

C (40 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas::

1. Cén tionchar a bhí ag Joe Kennedy agus/nó John F. Kennedy ar Ghael-Mheiriceánaigh?
2. Cad a fhoghlaimimid faoi eisimircigh Éireannacha sa Bhreatain ó shaol agus ó scríbhinní Dhombnaill Mhic Amhlaigh?
3. Cad iad na gnéithe de Mhisean an Spioraid Naoimh go dtí an Nigéir, 1945-1966, ar éirigh leo agus na gnéithe ar theip orthu?
4. Conas a rinne duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas ionadaíocht ar son na hEaglaise Caitlicí: an tArdeaspag Daniel Mannix; an tEaspag Edward Galvin; an Mháthair Mary Martin?

An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht coimrithe seo pléann Michael Farrell an teannas i nDoire in 1969. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Chreid mórán daoine go dtiocfadh an crú ar an tairne ar an 12 Lúnasa 1969. Ba é sin lá mhórshiúl na bPrintiseach i nDoire, nuair a thiocfadh na mílte Oráisteach ó gach cearn den Tuaisceart go Doire, chun máirseáil tríd an gcathair agus timpeall na mballaí os cionn Thaobh an Bhogaigh i gcomóradh ar Léigear Dhoire in 1689.*

*Bliain i ndiaidh bliana, chuir an mórshiúl seo i gcuimhne do na Caitlicigh cé a bhí i gceannas sa chathair seo ar Chaitlicigh 70% den daonra inti.*

*Le bliain anuas, cuireadh toirmeasc ar mháirseálacha cearta sibhialta i lár gach baile mór agus díbríodh cinn ó shráideanna Dhoire le smachtíní. Dá bhrí sin, ní raibh aon fhonn ar na Caitlicigh géilleadh. Dá rachadh an mháirseáil ar aghaidh, bheadh sé ina chíríib gan dabht ar bith. Dhiúltaigh rialtas Stormont gach iarratas an mháirseáil a thoirmeasc.*

Foinse: Michael Farrell, *Northern Ireland: The Orange State* (Londain: Pluto Press, 1976).

1. Cén lá a raibh mórshiúl na bPrintiseach i nDoire ar siúl?
2. Cén bealach a dtéadh an mórshiúl de ghnáth i nDoire?
3. Cén fáth nár thaitin Mórshiúl na bPrintiseach leis na Caitlicigh?
4. Conas a d'fhreagair rialtas Stormont d'iarratais an mórshiúl a thoirmeasc?
5. Cén fáth go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an dáta Nollaig 18 do Phrintísigh Dhoire?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An stát leasa i dTuaisceart Éireann.
2. Freagairtí na rialtas i mBaile Átha Cliath d'imeachtaí i dTuaisceart Éireann.
3. Seamus Heaney.
4. Gerry Adams.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a rinne Terence O'Neill iarracht athrú a chur i gcrích i dTuaisceart Éireann?
2. Cad iad na cúiseanna a bhí ag na húdaráis ollscoil nua a bhunú i gCúil Raithin?
3. Cén socrú a rinneadh ag Sunningdale agus cén fáth ar theip ar an bhfeidhmeannas comhroinnta cumhachta in 1974?
4. Cén tionchar a bhí ag Bernadette Devlin agus/nó Ian Paisley ar imeachtaí i dTuaisceart Éireann?

An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa chairt thíos, leagadh amach torthaí an olltoghcháin i mí na Samhna 1982, nuair a bhí 166 suíochán ar fad ann. Déan staidéar uirthi agus freagair na ceisteanna ina diaidh.

TORTHAÍ AN OLLTOGHCHÁIN, SAMHAIN 1982

PÁIRTÍ POLAITÍOCHTA	CEANNAIRE AN PHÁIRTÍ	SUÍOCHÁIN A BAINÉADH AMACH
Fianna Fáil	C.J. Haughey	75
Fine Gael	Garret FitzGerald	70
Páirtí an Lucht Oibre	Dick Spring	16
An Páirtí Daonlathach Sóisialach	Jim Kemmy	0
An Páirtí Poblachtach Sóisialach	Jim Lane	0
Páirtí na nOibrithe	Tomás Mac Giolla	2
Neamhspleáigh	Ceannaire ar bith	3

Foinse: <https://electionsireland.org/results/general/index.cfm>

1. Cé acu páirtí a bhuaigh 70 suíochán?
2. Cérbh é ceannaire Pháirtí an Lucht Oibre?
3. Cé mhéad suíochán a bhuaigh Páirtí na nOibrithe?
4. Ar bhuaigh aon pháirtí móramh iomlán? Tabhair cúis le do fhreagra.
5. Cén dá pháirtí a chuaigh i gcomhrialtas tar éis an toghcháin seo?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Athruithe i soláthar sláinte agus leasa shóisialaigh, 1949-1989.
2. Seán Lemass.
3. Éire agus na Náisiúin Aontaithe, 1955-1989.
4. Conas mar a bhí ag an nGaeilge, 1949-1989.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag ár mballraíocht i CEE ar fhorbairt iascach na hÉireann?
2. Cad iad na bealaí a ndeachaigh RTÉ i gcion ar shochoaí na hÉireann idir 1962 agus 1972?
3. Conas a chuir Sylvia Meehan le hathrú ar ról na mban a bhaint amach?
4. Cad a chuir Jack Lynch agus/nó Charles Haughey le gnóthaí na hÉireann?



**ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR**  
**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*  
**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo as an bpaimfléad *Napoléon le Petit* (Napoléon Beag), tugann an scríbhneoir Francach, Victor Hugo, a thuairim faoi Napoléon III. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Cé go bhfuil coireanna ollmhóra déanta aige, ní bheidh ann féin ach duine gan fiúntas ar bith. Ní le glóir a sháithigh sé a chuid saighdiúirí ach le fíon, ní fearacht an chéad Napoléon é.*

*Mar Dheachtóir is amadán é, mar Impire beidh sé áiféiseach. A luaithe a bheidh gach rath bainte de agus é curtha dá bhoinn, an cnámharlach beag suarach; an féidir aon rud níos truamhéalaí a shamhlú? Napoléon Beag, gan ann ach sin!*

*Smaoinigh air. Ina cheann ar an gcine is mó le rá ar domhan, i lár na haoise is mó le rá sa stair, rinne an duine seo creach den Fhrainc dó féin. Is moncaí thú agus ní leon, is pearóid thú agus ní iolar, is breallán thú.*

Foinse: Victor Hugo, *Napoléon le Petit* (Paris: Bibliothèque Nationale de France).

1. De réir an tsleachta, cad leis ar sháithigh Napoléon a chuid saighdiúirí?
2. Ón sliocht, cén dearcadh a bheidh ann ar Napoléon mar Impire?
3. Cén teideal a thugann Victor Hugo do Napoléon III?
4. Cén dearcadh atá ag Victor Hugo ar mhuintir na Fraince?
5. Conas a tháinig deireadh le hImpireacht na Fraince faoi Napoléon III?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Robert Peel.
2. Feargus O'Connor.
3. Forbairtí san eolaíocht, 1815-1871.
4. Náisiúnachas na mBalcán.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a bhí i gceist le córas Metternich, 1815-1848, agus conas a tháinig deireadh leis?
2. Cad a chuir Karl Marx agus/nó Robert Owen le dearcadh a fhorbairt ar an tsochaí?
3. Conas a chabhraigh Giuseppe Mazzini le cúis aontú na hIodáile?
4. Cad iad na príomhfheabhsúcháin a chuir Haussmann ar chathair Pháras?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*  
**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo ó nuachtán an *Daily Mail* (5/2/1903) nochtar tuairim faoin mbagairt ón nGearmáin faoi mar a fheictear don nuachtán é. Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

*Cé nach féidir gur bagairt ar bith é cumhacht láidir chabhlaigh i lámha na Breataine, is guais an-mhór don domhan a bheidh ann i lámha na Gearmáine.*

*Baineann ionsaitheacht dhána le stair na Gearmáine le tamall anuas.*

*Is easpa spáis sa bhaile a thugann ar an nGearmáin coilíneachtaí le tíortha eile a chloí, é sin nó seargadh.*

1. Cad a mhaítear maidir le cumhacht chabhlaigh na Breataine?
2. Cad a mhaítear maidir le cumhacht chabhlaigh na Gearmáine?
3. Ón sliocht, cad a bhí le sonrú ar stair na Gearmáine le tamall anuas?
4. De réir an tsleachta, cén fáth a gcaithfidh an Ghearmáin coilíneachtaí le tíortha eile a chloí, sin nó seargadh?
5. Cad ba Dreadnought ann?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Frith-Ghiúdachas sa Rúis.
2. An Dara hIdirnáisiúntas.
3. Wilfred Owen.
4. Socrú Síochána Pháras tar éis an Chéad Chogaidh Dhomhanda.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na fadhbanna a d'eascair as caidreamh Bismarck leis an Eaglais Chaitliceach sa Ghearmáin?
2. Cad a bhain teaghlach Krupp agus/nó Karl Benz amach?
3. Cad é an polasaí cabhlaigh a bhí ag Wilhelm II agus cén tionchar a bhí aige ar pholasaí eachtrach na Breataine?
4. Cén fáth a ndeachaigh mórán ban isteach san fhórsa saothair le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus cad a chuir siad leis?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*  
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad.*

Déanann George F. Kennan, taidhleoir de chuid na Stát Aontaithe a bhí lonnaithe i Moscó, 1933-1937, cur síos ar an teagmháil a bhí aige le hoibrí ar chomhfheirm in 1936. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*D'fhiafraigh mé den oibrí cén cineál oibre a bhí ar siúl aige ar an bhfeirm. Leabharchoimeádaí do chomhfheirm in aice le Moscó ab ea é agus thaistelaíodh sé chuig an bhfeirm ar thraenacha fo-uirbeacha gach lá. D'fhaigheadh sé 200 rúbal sa mhí, chomh maith le 60 cileagram prátaí, 30 lítear bainne, agus roinnt glasraí.*

*Conas a bhí cúinsí ar an gcomhfheirm?*

*Go huafásach.*

*Cad a bhí mícheart? Nach raibh dóthain fómhair ann le roinnt ar gach duine?*

*Dóthain fómhair? Ní raibh oiread agus pingin fágtha le dáileadh. Níorbh é an fómhar an trioblóid. Ba í an chaimiléireacht an trioblóid. Ghoid ceannairí na feirme gach rud.*

Foinse: Frank Costigliola, (eag.) *The Kennan Diaries* (Nua-Eabhrac: W.W. Norton & Co. Inc., 2014).

1. Cén post a bhí ag an oibrí Rúiseach?
2. Conas a thaistelaíodh an t-oibrí chuig an obair gach lá?
3. Conas a d'íoctaí an t-oibrí?
4. Cén trioblóid a bhí in ionad oibre an oibrí?
5. Tabhair cúis amháin go raibh Stailín ag iarraidh talamh na Rúise a chur i gcomhsheilbhíocht.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Tríú Poblacht na Fraince.
2. Teicneolaíocht na cogaióchta.
3. An “Fronta Baile” sa Bhreatain le linn an Dara Cogaidh Dhomhanda.
4. An méid a chuir Bing Crosby le cúrsaí raidió agus scannán.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:


1. Cén fáth ar tharla Máirseáil Jarrow i nDeireadh Fómhair 1936 agus cad a bhain sí amach?
2. Conas mar a bhí an caidreamh idir an eaglais agus an stát san Iodáil faoi Mussolini?
3. Cad a tharla ag Slógaí Nürnberg sa Ghearmáin sna 1930idí?
4. Cén rath a bhí ar cheannaireacht Stailín le linn an Dara Cogaidh Dhomhanda?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*  
**Easaontas agus páirtíocht nua san Eoraip, 1945-1992**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Seo cartún ón gcartúnaí Gearmánach, Klaus Pielert, ina nochtar tuairim faoi Phlean Schuman (1950). Taispeánann sé Schuman ag obair ar inneall fuála. Déan staidéar air agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.



1. Cén dá thír a thaispeántar sa chartún?
2. Cad atá Schuman ag iarraidh a dhéanamh?
3. An bhfuil Schuman sásta lena chuid oibre? Tabhair cúis le do fhreagra.
4. An bhfuil an cartúnaí muiníneach go n-éireoidh le plean Schuman? Mínigh do fhreagra.
5. Seachas Robert Schuman, ainmnigh polaiteoir amháin ar bhain tábhacht leis sna gluaiseachtaí i dtreo aontú na hEorpa, 1945-1957.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Deighilt na Gearmáine tar éis 1945.
2. Imre Nagy.
3. An Pápa Eoin Pól II.
4. Tionchar an ríomhaire ar an tsochaí.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén sórt ceannaireachta a thug Nikita Khrushchev sa Rúis Shóivéadach?
2. Conas a chuaigh Géarchéim na hOla in 1973 i gcion ar an Eoraip?
3. Cad iad na hathruithe ar chleachtas eaglasta a chuir Dara Comhairle na Vatacáine i gcích?
4. Cén fáth ar fhéach an rialtas Sóivéadach ar Alexander Solzhenitsyn mar scríbhneoir easaontach?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*  
**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo labhraíonn M.A. Jinnah, ceannaire na Léige Moslamaí, faoi na constaicí iomadúla a bhí sa bhealach ar aontú na hIndia. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Conas is féidir leat taibhreamh riamh ar aontacht idir Hiondúigh agus Moslamaigh? Níl aon idirphóstaí eadrainn. Níl an féilire céanna againn. Creideann na Moslamaigh in aon Dia amháin agus adhrann na Hiondúigh mórán íol.*

*Adhrann na Hiondúigh ainmhithe. Ní ghlacfaidh aon Hiondúch bia ó Mhoslamach. Measann siadsan go bhfuil ba beannaithe – is mian linne iad a ithe.*

Foinse: Luaite in Joe Scott, *The World since 1914* (Londain: Heinemann, 1989).

1. Cad air a raibh M.A. Jinnah i gceannas?
2. Luaigh difríocht reiligiúnach amháin idir Hiondúigh agus Moslamaigh a ndéantar trácht uirthi sa sliocht.
3. Cad a deir Jinnah faoi bhia?
4. An raibh Jinnah den tuairim go mbeadh aontú ann idir Hiondúigh agus Moslamaigh? Tabhair cúis le do fhreagra.
5. Cén réiteach a bhí ag an mBreatain in 1947 ar an éileamh do neamhspleáchas na hIndia?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Aistarraingt na Breataine ón bPalaistín agus na torthaí a bhí uirthi.
2. Fadhbanna tipiciúla a bhíonn ag oibrithe forbartha san Afraic.
3. Ho Chi Minh.
4. An caidreamh iar-neamhspleáchais idir an Ailgéir agus an Fhrainc agus/nó idir an Nigéir agus an Bhreatain.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a ghlac Mohandas Gandhi sa ghluaiseacht ar son neamhspleáchas na hIndia?
2. Cén fáth ar scar Katanga leis an gCongó, 1960-1965, agus conas a bhí tionchar aige sin ar an réigiún?
3. Cén fáth a raibh fadhbanna ag an bhFrainc sna 1980idí maidir le caidreamh idir chiníocha?
4. Cad a bhain Nadine Gordimer amach?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*  
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Spreag an sliocht coimrithe seo as Cód Chathair Montgomery, Alabama, baghcat bus Montgomery, 1956. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Gach duine a ritheann líne bhus sa chathair, cuireadh sé cóiríocht atá comhionann ach deighilte ar fáil do dhaoine geala agus do dhaoine gorma ar a chuid busanna.*

*Déantar é sin trí dhualgas a chur ar na fostaithe atá i bhfeighil, suíocháin na bpaisinéirí ar na feithiclí a leithdháileadh sa chaoi go mbeidh na daoine geala deighilte ó na daoine gorma.*

*Mar sin féin, is féidir suíocháin i measc na ndaoine geala a leithdháileadh ar altraí gorma atá i bhfeighil páistí geala nó i bhfeighil daoine geala atá tinn nó easlán.*

Foinse: *Bus Code of the City of Montgomery* (Montgomery, Alabama, USA: Department of Archives and History, 1952)

1. Cén chathair a mbaineann an cód léi?
2. Cén cineál cóiríochta nach mór dóibh siúd a ritheann busanna a chur ar fáil?
3. De réir an tsleachta, cén fáth a bhfuil paisinéirí suite ar bhealach faoi leith?
4. Cad iad na heisceachtaí a dhéantar maidir leis an socrú i gcomhair suíochán?
5. Conas a tháinig deireadh le baghcat bus Montgomery?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Marilyn Monroe.
2. Muhammad Ali.
3. An tuirlingt ar an ngealach, 1969.
4. SALT agus Star Wars.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuir Joe McCarthy leis an “scanradh dearg” sna Stáit Aontaithe?
2. Cén cheannaireacht a thug Martin Luther King don ghluaiseacht Cearta Sibhialta?
3. Cad iad na polasaithe a lean Lyndon Johnson maidir leis an gcogadh i Vítneam?
4. Cén lochtú a rinne Betty Friedan nó Norman Mailer ar an saol sna Stáit Aontaithe?

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán